COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL



COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

# PLEAN SEACHADTA SEIRBHÍSE BLIANTÚIL 2026

# CLÁR ÁBHAIR

**Ár Misean** ........ 2

**Ár Luachanna Lárnacha** ........ 3

**Acmhainní Eagraíochtúla** ........ 5

**Cuspóirí Straitéiseacha agus Straitéisí Tacaíochta** ........ 6

**Straitéisí agus Gníomhartha Tacaíochta** ........ 7

Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Forbairt Eacnamaíochta ........ 7

Tithíocht agus Comhtháthú ........ 14

Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide, Tionscadail Speisialta, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála ........ 16

Airgeadas agus TFC ........ 23

Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, na hEalaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem ........ 25

# ÁR MISEAN

TRÍ CHEANNAIREACHT ÉIFEACHTACH, CUIRFIMID FOLLÁINE ÁR NDAOINE AGUS CÁILÍOCHT NA BEATHA INÁR BPOBAIL CHUN CINN, AGUS NEARTÓIMID TARRAINGT CHEATHARLACH MAR ÁIT CHÓNAITHE, OIBRE, CUAIRTE AGUS INFHEISTÍOCHTA AGUS NA CAIGHDEÁIN IS AIRDE MACÁNTACHTA, IONRACAIS AGUS FREAGRACHTA Á GCOTHABHÁIL AGAINN AG AN AM CÉANNA.

# ÁR LUACHANNA LÁRNACHA

| | |
|---|---|
| **Ceannaireacht Dhaonlathach agus Shibhialta** | Cuirimid ceannaireacht shoiléir, éifeachtach, dhaonlathach agus shibhialta ar fáil. Cuirimid eolas ar fáil do mhuintir na háite, éistimid leo agus freagraímid orthu. |
| **Meas** | Caithimid go cothrom le gach duine agus cuirimid a gcuid riachtanas agus ábhair imní san áireamh. |
| **Ionchuimsiú Sóisialta** | Tá meas againn ar éagsúlacht chultúrtha agus eitneach agus táimid tiomanta do phrionsabail na rochtana, rannpháirtíochta agus torthaí comhionanna a chinntiú do chách inár seachadadh seirbhíse. |
| **Inrochtaineacht** | Táimid tiomanta do phrionsabail na Rochtana do Chách. |
| **Seirbhísí Ardchaighdeáin/Cúram Custaiméirí** | Déanaimid ár ndícheall feabhas leanúnach a chur ar ár seachadadh seirbhíse, lena n-áirítear cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, mar aon le béim láidir a chur ar chustaiméirí agus ar shaoránaigh. Cinntímid go bhfuil gach seirbhís dírithe ar chustaiméirí agus ar úsáideoirí. |
| **Comhpháirtíocht** | Oibrímid ar bhealach dearfach le gníomhaireachtaí eile agus le pobail áitiúla. |
| **Trédhearcacht, Freagracht agus Ionracas** | Coinnímid na caighdeáin iompair agus macántachta is airde, táimid oscailte, freagrach, oibiachtúil agus déanaimid cinntí neamhchlaonta ar mhaithe le leas an phobail. |
| **Ár bhFostaithe** | Tá meas againn ar ár bhfostaithe agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair solúbtha agus nuálach a fhorbairt i dtimpeallacht oibre dhearfach. |
| **Nuálaíocht** | Táimid oscailte do bhealaí nua chun gnó a dhéanamh a chuirfidh luach leis agus/nó a fheabhsóidh éifeachtúlacht i seachadadh seirbhísí. |
| **Luach ar Airgead/ Acmhainní a Uasmhéadú** | Táimid tiomanta don úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar, agus luach ar airgead a chinntiú freisin. |
| **Inbhuanaitheacht** | Oibrímid ar bhealach nach gcuirfidh srian ar riachtanais reatha ná riachtanais amach anseo mhuintir agus phobail Chontae Cheatharlach. |
| **Bród** | Táimid bródúil as ár n-obair agus as ról ceannaireachta Chomhairle Contae Cheatharlach i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil an chontae. |

# RÉAMHRÁ

Ceanglaítear ar gach údarás áitiúil faoi Alt 50 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil a ullmhú ina sainaithnítear na seirbhísí a sholáthróidh sé don phobal sa bhliain amach romhainn.

Forbraítear Plean Seachadta Seirbhíse 2026 de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach i gcomhréir leis an bhfís fhoriomlán atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach, 2024-2029. Leagtar amach sa Phlean Corparáideach Misean, Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Cuspóirí Straitéiseacha Chomhairle Contae Cheatharlach thar thréimhse cúig bliana.

Cuirtear bonn taca faoi na cuspóirí sin leis an bPlean Bliantúil Seachadta Seirbhíse agus sainaithnítear na príomhsheirbhísí atá beartaithe ag Comhairle Contae Cheatharlach a sheachadadh i rith na bliana, mar aon le spriocanna intomhaiste.

Léiríonn na gníomhaíochtaí sa Phlean Seachadta Seirbhíse na tosaíochtaí a comhaontaíodh le linn an phróisis bhuiséid bhliantúil agus beidh siad faoi réir na n-ionad costais seirbhíse agus fosheirbhíse caiteachais mar a leagtar amach i mBuiséad Bliantúil 2026.

Tá an Plean Seachadta Seirbhíse seo struchtúrtha de réir stiúrthóireachta agus rannáin seirbhíse mar atá sainaitheanta sa Bhuiséad.

- Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch agus Athghiniúint
- Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide, Tionscadail Speisialta, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála
- Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Spóirt, Ealaíona agus Cultúr, Leabharlanna, Músaem agus Oidhreacht
- Tithíocht agus Comhtháthú
- Airgeadas agus TFC

**Príomhfheidhmeannach**
**Coilín O'Reilly**

# ACMHAINNÍ EAGRAÍOCHTÚLA

Cuireadh an Buiséad don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2026 faoi bhráid na gComhaltaí agus d'fhormheas siad é an 20 Samhain 2025. Foráiltear leis maidir le caiteachas iomlán €83,318,210. Tá miondealú iomlán ar Bhuiséad na Comhairle do 2026 ar fáil trí chuardach a dhéanamh ar Bhuiséad Bliantúil ag www.carlow.ie.

Leis an tábla seo a leanas, léirítear Caiteachas Ioncaim de réir Rannáin Seirbhíse.

| Rannán | Cur Síos ar an tSeirbhís | Buiséad 2025 | Buiséad 2026 | % Buiséad |
|---|---|---|---|---|
| A | Tithíocht agus Foirgníocht | 27,147,034 | 27,019,454 | 32% |
| B | Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 17,420,256 | 17,336,651 | 21% |
| C | Seirbhísí Uisce | 4,074,012 | 3,606,933 | 4% |
| D | Bainistíocht Forbartha | 9,629,573 | 9,951,616 | 12% |
| E | Seirbhísí Comhshaoil | 10,395,753 | 11,948,052 | 14% |
| F | Áineas agus Taitneamhacht | 6,011,823 | 6,669,239 | 8% |
| G | Talmhaíocht, Bia agus Muirí | 304,235 | 387,452 | 0% |
| H | Seirbhísí Ilghnéitheacha | 6,404,835 | 6,398,812 | 9% |
| **Iomlán** | | **€81,387,520** | **€83,318,210** | **100%** |

Ceann de phríomhfhoinsí ioncaim na Comhairle is ea rátaí tráchtála, a mheastar a bheith thart ar €16 mhilliún in 2026. Is é €0.27 an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (ARV) in 2026.Lena chois sin, tá leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla do 2026 beagán os cionn €9.8 milliún. Dírítear leis an bPlean Seirbhíse seo ar na príomhsheirbhísí a sheachadtar ó lá go lá agus a mhaoinítear ón mBuiséad Ioncaim.

# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA AGUS STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

Is cuspóirí ardleibhéil iad cuspóirí straitéiseacha na Comhairle, atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach 2024-2029 agus atá liostaithe thíos, lena gcuimsítear gach stiúrthóireacht agus feidhm de chuid na Comhairle. Cuirfidh an fhoireann uile na cuspóirí straitéiseacha sin san áireamh ina n-idirghníomhaíochtaí leis na páirtithe leasmhara uile.

| | Cuspóir Eagraíochtúil Straitéiseach | Straitéisí Tacaíochta |
|---|---|---|
| **1.** | Forbairt chothrom agus inbhuanaithe a bhaint amach | • Agus an Plean Forbartha Contae 2022-2028 á chur san áireamh, leanúint de Cheatharlach a fhorbairt ar bhealach cothrom trí phleanáil chéimnitheach agus trí bhonneagar ríthábhachtach a sholáthar.<br>• Forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn le go mbeidh Ceatharlach ina shuíomh maith le haghaidh infheistíochta agus cruthú post.<br>• An t-aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn agus taisteal gníomhach a mhéadú. |
| **2.** | Leanúint de bheith ag éascú agus ag tacú le seachadadh tithíochta inbhuanaithe a chomhlíonann riachtanais ár bpobal | • An clár Tithíochta do Chách a sheachadadh chun pleanáil éifeachtach a dhéanamh do riachtanais tithíochta ár saoránach uile agus freastal orthu. |
| **3.** | Tacú lenár bpobail chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh | • Dul i mbun oibre le pobail agus tacú leo i bhforbairt sócmhainní pobail a fheabhsaíonn caighdeán maireachtála gach duine.<br>• Tacú le tionscnaimh idirghníomhaireachta a chruthaíonn pobail atá sábháilte, fáilteach agus nasctha. |
| **4.** | Seirbhísí custaiméirí ardchaighdeáin a sholáthar atá éifeachtúil, éifeachtach agus inrochtana | • Leanúint de bheith ag feabhsú an chaoi a gcuirimid ár seirbhísí ar fáil, agus luach ar airgead agus freagracht as cinntí agus caiteachas á soláthar.<br>• Saoránaigh a choinneáil ar an eolas faoin raon éagsúil seirbhísí a chuireann Comhairle Contae Cheatharlach ar fáil agus an chaoi ar féidir iad a rochtain.<br>• Aird a thabhairt ar an Straitéis Náisiúnta TFC agus Digiteach chun úsáid na teicneolaíochta a uasmhéadú agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm chun ár seirbhísí a fheabhsú.<br>• Aird a thabhairt ar Chód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí reachtúla, lena n-áirítear RGCS, Nochtaí Cosanta agus Saoráil Faisnéise, i measc nithe eile. |
| **5.** | Tacú le daonlathas áitiúil agus é a fheabhsú | • Tacú leis na Comhaltaí Tofa agus le hionadaithe pobail agus iad ag comhlíonadh a ról laistigh dár struchtúir dhaonlathacha. |
| **6.** | Ár dtimpeallacht a chosaint, idir thógtha agus nádúrtha, agus aird a thabhairt ar ár bhfreagrachtaí don phláinéad | • Aird a thabhairt ar ár n-oibleagáidí faoin bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, faoin bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus faoin bPlean Oidhreachta agus ár seirbhísí, ár dtionscadail, ár bpleananna agus ár mbeartais á seachadadh againn. |

# STRAITÉISÍ AGUS GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA




| Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Forbairt Eacnamaíochta | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Ceannaireacht rialachais chorparáidigh a sholáthar do Chomhaltaí Tofa, d'fhostaithe agus do chustaiméirí. | • A chinntiú go gcuirtear gach tuairisceán agus dearbhú isteach.<br>• Monatóireacht rialta agus éifeachtach a dhéanamh ar shonraí agus ar thuairisceáin. |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Athrú mór eagraíochtúil a bhainistiú. | • Athrú a thuar agus pleanáil a dhéanamh dó tríd an bhFoireann Ilréimsiúil.<br>• Leanúint de bheith ag cur an chláir oibre nuachóirithe i bhfeidhm i gcomhar leis an Lucht Bainistíochta, leis an bhFoireann agus leis na Ceardchumainn. |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh dár gcustaiméirí. | • Cur chun feidhme ag gach fostaí a chinntiú. |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Bainistíocht áiseanna agus maoine. | • Leanúint de Bhainistíocht Réadmhaoine a fhorbairt agus a fheabhsú laistigh den Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, lena n-áirítear bainistíocht foirgneamh agus talamh atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Cheatharlach. |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Sláinte agus Sábháilteacht | • Leanúint de Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta na heagraíochta a athbhreithniú, a chur chun cinn agus a fheabhsú, agus timpeallacht oibre atá sábháilte, tacúil, inrochtana agus sláintiúil a chinntiú do chách. |
| **Acmhainní Daonna** | Earcaíocht, oiliúint agus forbairt líon leordhóthanach ball foirne cáilithe chun freastal ar riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo na heagraíochta. | • Cur chuige straitéiseach Acmhainní Daonna a ghlacadh trí dhea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le hearcaíocht, oiliúint agus forbairt foirne.<br>• Caidreamh tionsclaíoch seasmhach a choinneáil ar bun.<br>• Pleanáil leanúnach fórsa saothair.<br>• A bheith mar fhostóir a roghnaítear. |
| **Acmhainní Daonna** | Pleanáil Fórsa Saothair | • Forálacha an Phlean Fórsa Saothair a chur i bhfeidhm. |

| Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Forbairt Eacnamaíochta | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Acmhainní Daonna** | Folláine na foirne | • Tacú le sláinte agus folláine na foirne tríd an gCoiste Folláine agus tríd an Straitéis Folláine a chur i bhfeidhm. |
| **Pleanáil** | Pleanáil Ar Aghaidh: Pleanáil éifeachtach chuí agus forbairt inbhuanaithe chothrom i gceantair uirbeacha agus tuaithe a chinntiú.<br><br>Tacú le Cur i bhFeidhm CPN: Treoirlínte maidir le Riachtanais Fáis Tithíochta d'Údaráis Phleanála chun éifeacht a thabhairt don Chéad Athbhreithniú ar an gCreat Pleanála Náisiúnta (2025). | • Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 agus ar athruithe féideartha is gá a dhéanamh ar an bPlean.<br>• Pleananna Baile Ceantair Mhuine Bheag-na Darach Ríoga agus na Tulaí a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm, agus a chinntiú go bhfuil talamh leordhóthanach criosaithe le haghaidh cónaithe agus úsáidí iomchuí eile.<br>• Athrú ar an bPlean Forbartha Contae 2022-2028 a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm, agus a chinntiú go bhfuil talamh leordhóthanach criosaithe cónaithe ann chun tacú leis na spriocanna fáis tithíochta atá leagtha amach sa Phlean. |
| **Pleanáil** | Bainistíocht Forbartha agus Forfheidhmiú: Pleanáil éifeachtach chuí agus forbairt inbhuanaithe chothrom limistéar uirbeach agus tuaithe a chinntiú trí sheirbhísí bainistíochta forbartha éifeachtúla. | • Céatadán na n-iarratas ar dearbhaíodh an cinneadh ina leith (le hathrú nó gan athrú) ag an gCoimisiún Pleanála.<br>• Iarratais phleanála, dearbhuithe, agus comhairliúcháin Chuid VIII a phróiseáil go héifeachtúil agus i gcomhréir iomlán leis an reachtaíocht ábhartha.<br>• Leanúint de shaineolas agus treoir a sholáthar tríd an tseirbhís réamhphleanála.<br>• Líon na gcruinnithe réamhphleanála a tharla.<br>• Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh laistigh den amlíne reachtúil.<br>• Céatadán na n-iarrataí comhlíontachta a réitíodh laistigh de na hamlínte reachtúla.<br>• Céatadán cásanna forfheidhmithe pleanála a dúnadh (i gcomparáid le líon iomlán na gcásanna a imscrúdaíodh). |

| Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Forbairt Eacnamaíochta | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Pleanáil** | Chun athfhorbairt agus athghiniúint tailte atá criosaithe chun críoch cónaithe a spreagadh, athúsáid Réadmhaoine/Láithreáin Folmha agus feabhsú Láithreáin Tréigthe a chur chun cinn. | • Dréacht-Léarscáil Dheiridh 2026 agus Dréacht-Léarscáil Bhliantúil 2027 a fhoilsiú chun tacú le cur i bhfeidhm na Cánach Talún Criosaithe Cónaithe agus gníomhachtú talún criosaithe cónaithe chun críoch tithíochta.<br>• Líon na réadmhaoine a athghníomhachtaíodh agus líon na láithreán a gníomhachtaíodh chun críoch cónaithe.<br>• Clár na Láithreán Tréigthe a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta.<br>• Líon na láithreán tréigthe a baineadh den chlár.<br>• Líon na limistéar/na láithreán a athfhorbraíodh trí mhaoiniú athghiniúna tuaithe agus uirbí a úsáid. |
| **Pleanáil** | Feabhas a chur ar Sheirbhísí Custaiméirí trí athbhreithniú a dhéanamh ar an teicneolaíocht reatha agus trí theicneolaíocht nua a úsáid. | • Leanúint den chóras ríomhphleanála a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn.<br>• Comhaid stairiúla a dhigitiú chun inrochtaineacht agus trédhearcacht a fheabhsú.<br>• Foirmeacha iarratais agus faisnéis ar an suíomh gréasáin a nuashonrú. |

| Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Forbairt Eacnamaíochta | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Inbhuanaitheacht eacnamaíoch, forbairt agus feabhsú fiontar Chontae Cheatharlach a chur chun cinn trí Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse Fhiontraíocht Éireann a sheachadadh i leith shraith tacaíochtaí agus deontas forbartha acmhainne na hOifige Fiontair Áitiúil. | • Seachadadh Clár um Do Ghnólacht Féin a Chur ar Bun.<br>• Seachadadh Clár Forbartha Gnó.<br>• Powerhouse - Líonra na mBan i gCúrsaí Gnó a Sheachadadh.<br>• Seachadadh sraithe imeachtaí maidir le Líonrú Forbartha Bainistíochta.<br>• Seachadadh Clár Náisiúnta tábhachtach ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla, Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar, Dámhachtainí Fiontraíochta Dalta, Taispeántas Fiontraíochta Áitiúil, Sráidbhaile Fiontraíochta Áitiúil agus Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan.<br>• Seachadadh sraithe tacaíochtaí chun tacú le dúshláin i miondíol agus fáilteachas.<br>• Clár an Cheart chun Léitheoireachta – An Gnó Áitiúil is Fearr Liom a Sheachadadh.<br>• Seachadadh TU: RISE - Clár Mol Tuaithe.<br>• Straitéis Braisle don Cheardaíocht agus don Chruthaitheacht agus Sraith Tacaíochtaí Forbartha a Fhorbairt.<br>• Gníomhaíocht Nasctha agus Diaspóra a nascadh le Líonra AE agus Páirtithe Leasmhara um Fhorbairt Deiseanna Trádála.<br>• Seachadadh Sraithe Tacaíochtaí Infheistíochta don Aistriú Glas/Forbairt Dhigiteach agus Forbairt Easpórtála.<br>• Suirbhé Fostaíochta Bliantúil.<br>• Méadrachtaí Scórchárta Fhiontraíocht Éireann a bhaint amach.<br>• Forbairt Phlean Forbartha Fiontar Áitiúil nua atá ailínithe le Comhaontú Leibhéal Seirbhíse Fhiontraíocht Éireann. |

| Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Forbairt Eacnamaíochta | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Feachtais promóisin Chontae Cheatharlach a sheoladh agus tacú leo, dírithe ar infheistíocht agus ar chuairteoirí. | • Comhordú Fhóram Gnó Cumarsáide agus Rannpháirtíochta Chontae Cheatharlach.<br>• Forbairt tionscadal le Foirne Baile sa Tulach, i Muine Bheag agus i gCeatharlach.<br>• Féile na Samhna (Oíche Shamhna), Féile Lonrach (Nollaig) agus Clár Streetfest a stiúradh agus a sheachadadh.<br>• Clár imeachtaí in Carlow Exchange a sheachadadh.<br>• Clár Píolótach Geilleagair Oíche a sheachadadh.<br>• Féile Pan-Cheilteach a sheachadadh.<br>• Tacú le príomhfhéilte agus le príomhimeachtaí trí chur chuige comhpháirtíochta.<br>• Sraith feachtas margaíochta teilifíse, clóite agus digiteach a sheachadadh. |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le heagraíochtaí pobail a óstálann féilte agus imeachtaí faoi stiúir an phobail a mheallann cuairteoirí seachtracha, mar aon le clár féilte agus imeachtaí faoi stiúir na Comhairle a óstáil. | • Líon na ndeontas Féilte agus Imeachtaí a bronnadh.<br>• Líon na n-imeachtaí arna n-óstáil ag Comhairle Contae Cheatharlach. |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le húinéirí réadmhaoine tráchtála chun feabhas a chur ar a sráid-dreach agus ar eispéireas a gcustaiméirí ar fud Chontae Cheatharlach. | • Líon na nDeontas Sráid-Dreacha a cuireadh ar fáil.<br>• Forbairt Clár Gnó Aoisbháúil.<br>• Seachadadh an Chláir Déan Siopadóireacht go hAitiúil/Déan Siopadóireacht i gCeatharlach. |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le forbairt Fiontar Turasóireachta i gContae Cheatharlach trí Chlár Bliantúil le Turasóireacht Cheatharlach a sheachadadh. | • Cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Thurasóireacht Cheatharlach.<br>• Comhaontú agus monatóireacht ar Phlean Bliantúil Turasóireachta Cheatharlach.<br>• Oibriú le Turasóireacht Cheatharlach agus Fáilte Ireland i ndáil le seachadadh straitéiseach turasóireachta.<br>• Seachadadh tionscadal turasóireachta atá maoinithe faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. |

<table>
<tr><th colspan="3">Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Forbairt Eacnamaíochta</th></tr>
<tr><th>Réimse Feidhme</th><th>Spriocanna Feidhmíochta</th><th>Modheolaíocht Tomhais</th></tr>
<tr><td>Forbairt Eacnamaíoch</td><td>Tacú le forbairt Páirceanna Gnó, Ionaid Fiontraíochta agus Mol Ceangailte.</td><td>• Forbairt inbhuanaithe ar Enterprise House agus Station House i gcomhpháirtíocht le hIonaid Fiontair Pobail Cheatharlach CTR.<br>• Tacú le Sorting House (Mol Pobail agus Fiontraíochta – An Bhuiríos) a seachadadh i gcomhpháirtíocht le hIonaid Fiontair Pobail Cheatharlach CTR.<br>• Campas Catalyst a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Southeast Catalyst Innovation CL.<br>• Iarratas a fhorbairt do Presentation House (Muine Bheag) faoi shruth maoinithe an Chiste Forbartha Athnuachana Tuaithe.<br>• Seachadadh comharthaíochta feabhsaithe ar Eastát Tionsclaíoch i gCeantar Bardasach Cheatharlach.<br>• Tacú le hobair GFT chun Ardmhonarcha GFT i mBaile Cheatharlach a chur chun cinn.</td></tr>
<tr><td>Forbairt Eacnamaíoch</td><td>Tacú le seachadadh tionscadal atá maoinithe go díreach ag an Aontas Eorpach a neartaigh cláir a raibh acmhainní ar fáil dóibh ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon ó Chomhairle Contae Cheatharlach.</td><td>• Forbairt ceithre Iarratas ar Thionscadail AE.<br>• Seachadadh Thionscadal InnoCom de chuid Interreg na hEorpa.<br>• Seachadadh agus Comhordú Idirnáisiúnta Hands Across Generations – Tionscadal Erasmus+.<br>• Seachadadh DIGITEXT – Tionscadal Erasmus+.<br>• Seachadadh Tionscadal Craftwork 4.0 All.<br>• Comhordú Mol Oirdheisceart Fhiontar Eorpach, lena n-áirítear seimineáir, gníomhaíochtaí trádála agus líonrú gnó.</td></tr>
<tr><td>Forbairt Eacnamaíoch</td><td>Tacú le Clár Oibre an Oirdheiscirt trí rannpháirtíocht ghníomhach i dTionscadal Oirdheisceart na hÉireann.</td><td>• Cur i bhFeidhm an Phlean Réigiúnaigh Post.<br>• Forbairt iarratas ar an gCiste Forbartha Fiontar Réigiúnach.</td></tr>
</table>

| Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Forbairt Eacnamaíochta | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Lár Bailte ar dTús agus Athghiniúint** | Cur i bhfeidhm agus seachadadh an bheartais Lár Bailte ar dTús. | • Ullmhú agus ceadú phlean Lár Bailte ar dTús do Mhuine Bheag.<br>• Maoiniú a fháil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail atá sainaitheanta i bpleananna ceadaithe Lár Bailte ar dTús. |
| **Lár Bailte ar dTús agus Athghiniúint** | Sonraí folúntais a bhailiú, a mhonatóiriú agus a mheasúnú go háitiúil.<br><br>Sonraí a úsáid chun dul i ngleic go gníomhach le húinéirí réadmhaoine agus scéimeanna a chur chun cinn chun gníomhachtú réadmhaoine a spreagadh. | • Suirbhéanna a chur i gcrích i ngach eastát tithíochta.<br>• Spriocanna a bhaint amach mar a shocraigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. |
| **Lár Bailte ar dTús agus Athghiniúint** | Glacadh na dtionscnamh, scéimeanna agus deiseanna maoinithe a chur in iúl, a chur chun cinn agus a threorú chun aghaidh a thabhairt ar fholúntas agus chun maoine folmha a thabhairt ar ais in úsáid chónaithe. | • Leanúint de chur chun cinn agus rolladh amach na dtionscnamh agus na scéimeanna seo a leanas.<br>• Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh (Croí Cónaithe) agus Scéim Réidh le Tógáil.<br>• Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe.<br>• Scéim Cheannaigh agus Athnuála. |
| **Lár Bailte ar dTús agus Athghiniúint** | Athfhorbairt agus athúsáid réadmhaoine folmha agus tréigthe a chumasú. | • Spriocanna a bhaint amach chun Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh a thosú mar a shocraigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. |
| **Lár Bailte ar dTús agus Athghiniúint** | Sruthanna maoinithe atá ar fáil a bharrfheabhsú. | • Iarratais mhaoinithe a ullmhú agus a chur isteach i gcomhréir le Glaonna Náisiúnta.<br>• Seachadadh tionscadal faoi shruthanna maoinithe éagsúla, lena n-áirítear:<br>  • Tionscadal THRIVE Cheatharlach de chuid Bhanc na hÉireann.<br>  • Teach na Scoile Ráth Bhile.<br>  • Cearnóg an Mhargaidh, An Tulach.<br>  • Páirc Bhaile an Tulaigh.<br>  • Limistéar Áineasa Ráth Tó. |
| **Sláinte agus Sábháilteacht** | Timpeallacht oibre shláintiúil agus shábháilte a sholáthar.<br><br>Sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí ag an obair a chinntiú, a oiread agus is féidir. | • Athbhreithniú, nuashonrú agus cur i bhfeidhm leanúnach na Ráiteas Sábháilteachta, etc.<br>• Feasacht a mhúscailt ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair trí chláir oiliúna agus folláine foirne a sholáthar. |

## Tithíocht agus Comhtháthú

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Modheolaíocht Tomhais |
|---|---|---|
| **Tithíocht** | Tacú le clár tithíochta sóisialta agus inacmhainne agus é a éascú, lena n-áirítear tacaíochtaí tithíochta agus cur chun cinn roghanna úinéireachta tí chun freastal ar riachtanais chóiríochta mhuintir an Chontae. | • Spriocanna tithíochta sóisialta nuathógtha atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Tithíochta a chomhlíonadh trí mheascán de thógáil dhíreach, fálacha lándéanta, tionscadail athnuachana lándéanta, comhaontuithe Chuid V agus comhpháirtíochtaí le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.<br>• Dul chun cinn maidir le spriocanna a bhaint amach i gcomhréir leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029.<br>• An Clár Cóiríochta Tithíochta (CCT) a chur i bhfeidhm.<br>• An Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) a chur i bhfeidhm.<br>• Iarratais ar Iasachtaí Tí an Údaráis Áitiúil a phróiseáil.<br>• An Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí a phróiseáil.<br>• Léasuithe Bunaithe ar Rogha a scrúdú.<br>• Iarratais ar thacaí tithíochta sóisialta a phróiseáil.<br>• Aonaid Tithíochta Inacmhainne a sheachadadh lena gceannach faoi na Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne éagsúla, i gcomhréir leis na spriocanna atá leagtha amach ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.<br>• Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Scéimeanna Deisiúcháin agus Léasaithe a chur i bhfeidhm. |
| **Tithíocht** | Leanúint de bheith ag tabhairt aghaidh ar an easpa dídine trí bheartais agus bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm a laghdaíonn an spleáchas ar chóiríocht éigeandála. | • Cóiríocht do dhaoine gan dídean agus seirbhísí coiscthe a chur ar fáil do dhaoine gan dídean.<br>• Seirbhís Aimsitheoir Áite CCT a sholáthar.<br>• Plean Gníomhaíochta Easpa Dídine an Oirdheiscirt 2023-2026 a chur i bhfeidhm.<br>• Plean Náisiúnta Feidhmithe maidir le Tús Áite don Tithíocht a chur i bhfeidhm.<br>• Leathnú cóiríocht sealadaí Own Front Door a scrúdú.<br>• Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a bhainistiú maidir le heaspa dídine agus cóiríocht éigeandála.<br>• Tacaíochtaí a chur ar fáil do ghrúpaí imeallaithe amhail daoine faoi mhíchumas, an Lucht Siúil agus daoine gan dídean.<br>• Réitigh fhadtéarmacha do dhaoine atá i mbaol a ndíbeartha a scrúdú agus tacaíocht inbhuanaithe fhadtéarmach a chur ar fáil dóibh siúd atá i gcóiríocht éigeandála faoi láthair.<br>• Acmhainn reatha cóiríochta éigeandála a scrúdú agus deiseanna le haghaidh leathnú a mheas. |

| Tithíocht agus Comhtháthú | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Tithíocht** | Roghanna agus tacaíochtaí cuí a sholáthar do dhaoine breacaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, rud a chuireann ar a gcumas leanúint ar aghaidh ag maireachtáil ina dtithe féin. | • Na cuspóirí atá i Straitéis Chomhairle Contae Cheatharlach do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027 a bhaint amach.<br>• Deontais um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta a phróiseáil.<br>• Deontais Oiriúnaithe Tithíochta agus Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta a phróiseáil.<br>• Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas a phróiseáil.<br>• Maoirseacht a dhéanamh ar chomhordú an Ghrúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas agus ar sheachadadh na dtacaíochtaí riachtanacha chun a oibriú éifeachtach a chumasú. |
| **Tithíocht** | Dea-chleachtais bainistíochta tithíochta agus eastáit a chur chun cinn chun caighdeáin chóiríochta a fheabhsú d'áitribh phoiblí agus phríobháideacha ar cíos. | • Spriocanna faoin gClár Náisiúnta um Iarfheistiú Éifeachtúlachta Fuinnimh a chomhlíonadh.<br>• Oibriú agus éifeachtacht an phróisis athbhreithnithe cíosa leanúnaigh a scrúdú.<br>• Spriocanna atá sa Phlean Cur Chun Feidhme um Áitribh Phríobháideacha ar Cíos a chomhlíonadh.<br>• Suirbhé ar Bhail Stoic Tithíochta a thionscnamh le haghaidh tithíocht shóisialta agus straitéis chothabhála pleanáilte a fhorbairt chun tacú le cothabháil leanúnach an stoic tithíochta sóisialta.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Chomhairle Contae Cheatharlach maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta agus é a ullmhú.<br>• Leanúint de Thacaíocht Idirghabhála do Thionóntaí a sholáthar chun cothabháil tionóntachtaí a chinntiú agus dea-chleachtais bainistíochta eastáit a chur chun cinn.<br>• Nuachtlitir tiomnaithe do thionóntaí a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun cumarsáid a fheabhsú.<br>• Meastóireacht a dhéanamh ar indéantacht córas nua ar líne a thabhairt isteach chun feidhmeanna idirghabhála do thionóntaí a neartú agus a chuíchóiriú.<br>• Indéantacht an aistrithe chuig Córas Iarratais Tithíochta atá go hiomlán ar líne a scrúdú.<br>• Indéantacht taifid chruachóipe atá ann cheana a dhigitiú a scrúdú. |

| Tithíocht agus Comhtháthú | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Comhtháthú** | Soláthar tacaíochtaí a chomhordú a chuireann ar chumas daoine nua maireachtáil go neamhspleách laistigh den phobal. | • Táscairí feidhmíochta tábhachtacha riachtanacha mar atá leagtha amach ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce atá le baint amach ag an bhFoireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh (LAIT).<br>• Oibriú i gcomhar leis an bhFóram um Chomhtháthú Pobail chun tacaíochtaí comhtháthaithe a sholáthar.<br>• Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe a chur i bhfeidhm.<br>• Leanúint de ról bainisteora caidrimh a sholáthar chun tacú leo siúd atá rannpháirteach sa Scéim um Thabhair Dídean.<br>• Tionscadail faoin gCiste Aitheantais Pobail a chur chun cinn. |

| Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Bóithre agus Iompar Inbhuanaithe** | Cothabháil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. | • Clár Ilbhliantúil Oibreacha Bóthair a chríochnú do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, droichid, chomh maith le hoibreacha feabhsúcháin sábháilteachta agus draenáil.<br>• Scéimeanna Cosáin Bóithre Náisiúnta – N81 Ráth Bhile.<br>• Céim 2 a chur i gcrích, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir le Scéim Bhóthar Faoisimh Theas Cheatharlach.<br>• Scéim a chur chun cinn maidir le hAthailíniú Castaí Bhaile Beag na Leamhach N80 agus aighneacht a chur chuig TII maidir le críochnú Chéim 4 (Próisis Reachtúla) agus iarracht a dhéanamh Céim 5 (Cumasú agus Soláthar) a thosú.<br>• Tairiscint a chur isteach ar an Dair Ríoga (R448) agus Scéimeanna Sábháilteachta Bhaile Oilibhéir agus iad a thógáil.<br>• Scéim nua srutha tráchta d'Acomhal na Gráige. |

| Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Bóithre agus Iompar Inbhuanaithe** | Cruthú áite, feabhsú bailte agus sráidbhailte – Ceatharlach a dhéanamh ina áit iontach cónaithe, oibre agus cuairte. | • Bainistíocht Spáis Oscailte - Leanúint de scéimeanna glantacháin, plandála agus feabhsúcháin sráide a sholáthar i ngach ceantar bardasach.<br>• Leanúint de bheith ag éascú agus ag rialáil seirbhísí agus soláthar acmhainní, lena n-áirítear bainistíocht imeachtaí/ceadúnais oscailte bóithre/tuarascálacha pleanála/deontais tobair/fógraí gearrtha fálta.<br>• Cur i bhfeidhm Nósanna Imeachta nua um Bainistíocht Imeachtaí agus athbhreithniú dheireadh na bliana. |
| **Bóithre agus Iompar Inbhuanaithe** | An t-aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn agus taisteal gníomhach a mhéadú. | • Clár Taistil Ghníomhaigh 2026 a sheachadadh.<br>• Tionscadal Fionnachtaí Taistil Ghníomhaigh Cheatharlach, Bóthar Chill Chainnigh a chríochnú.<br>• Forbairt tionscadal ar na bacáin chun fad na mbealaí rothaíochta agus na gcosán a mhéadú.<br>• Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach agus clár feabhsúcháin stadanna bus a chur chun cinn agus dul i mbun oibre le ÚNI chun feabhas a chur air in 2026.<br>• Moil Soghluaisteachta a fhorbairt.<br>• Forbairt Straitéise Réigiúnaí Feithiclí Leictreacha.<br>• Mol píolótach d'fheithiclí leictreacha i gcarrchlós Halla an Chontae a fhorbairt.<br>• Feabhas a chur ar fheasacht ar spásúlacht Lár Bhaile Cheatharlach trí léarscáil a chruthú a thaispeánann amanna taistil agus modhanna éagsúla iompair á n-úsáid. |
| **Bóithre agus Iompar Inbhuanaithe** | Feabhsuithe ar Shábháilteacht ar Bhóithre lena n-áirítear Cur Chun Cinn agus Oideachas. | • Athbhreithniú ar luasteorainneacha, cur i bhfeidhm Treoirlínte Náisiúnta maidir le Luasteorainneacha – Luasteorainn Uirbeach le críochnú agus le cur i bhfeidhm i mí an Mhárta 2027.<br>• Cur i bhfeidhm an Phlean um Shábháilteachta ar Bhóithre.<br>• Seirbhís na Maor Scoile a choinneáil ar bun.<br>• Oibreacha a chur i bhfeidhm faoin Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal – 16 iarratas curtha isteach le haghaidh maoiniú do 2026.<br>• Líonraí soilsithe poiblí atá ann faoi láthair a chothabháil, deisiú laistigh de 10 lá oibre ar lochtanna a thuairiscítear.<br>• Cur i bhfeidhm chonradh an Tionscadail um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí Údaráis Áitiúil don chlár iarfheistithe LED ar fud an chontae. |

| Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Bóithre agus Iompar Inbhuanaithe** | Bainistíocht Tráchta agus Páirceáil | • Staidéar Talamhúsáide agus Iompair Cheatharlach a chríochnú agus tús a chur leis an gcur i bhfeidhm.<br>• Measúnú Iompair Bunaithe ar Cheantar Mhuine Bheag a chríochnú agus tús a chur leis an gcur i bhfeidhm.<br>• Measúnú Iompair Bunaithe ar Cheantar na Tulaí a chríochnú.<br>• Plean Páirceála a ullmhú agus a chur i bhfeidhm do Thulach.<br>• Indéantacht Córais Chomhtháite Bainistíochta Tráchta do Bhaile Cheatharlach. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach maidir le bainistíocht dramhaíola a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha, í a rialáil agus a fhorfheidhmiú. | • Critéir Íosta Molta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) bliantúla. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Córas a chur i bhfeidhm chun tacú le rialú agus le bainistíocht bruscair trí fhorfheidhmiú, oideachas, cláir ghlantacháin sráide agus monatóireacht. | • Cuspóirí an Phlean Bainistíochta Bruscair a chur i bhfeidhm.<br>• Córas Náisiúnta um Fhaireacháin ar Thruailliú Bruscair. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Tacú le soláthar saoráidí aisghabhála agus athchúrsála i gContae Cheatharlach | • Líon na saoráidí arna soláthar ag Comhairle Contae Cheatharlach.<br>• Taifid ar thonnáiste catagóirithe ábhar athchúrsáilte/aisghafa ó shaoráidí arna soláthar ag Comhairle Contae Cheatharlach.<br>• Líon na saoráidí arna soláthar ag oibreoirí príobháideacha.<br>• Taifid ar dhramhaíl atá bailithe, aisghafa agus athchúrsáilte ag oibreoirí príobháideacha. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Monatóireacht iarchúraim agus oibreacha riachtanacha a dhéanamh ag láithreáin líonta talún stairiúla i gcomhréir le téarmaí an Cheadúnais Astaíochtaí Tionsclaíocha. | • Coinníollacha mar atá leagtha amach i gCeadúnas EPA. |

| Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Na bearta atá sonraithe sa tríú timthriall den Chreat-Treoir Uisce agus den Phlean Bainistíochta Abhantraí a chur i bhfeidhm.<br><br>An Plean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027. | • Stádas Uisce Abhann.<br>• Tuarascálacha Bliantúla maidir le Réimsí Tosaíochta Gníomhaíochta.<br>• Spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí.<br>• Spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach maidir le Truailliú Uisce a chur i bhfeidhm agus an reachtaíocht a mhonatóiriú, a rialáil agus a fhorfheidhmiú. | • Scéim Deontas Cóireála Fuíolluisce Baile a chur i bhfeidhm.<br>• Ceanglais EPA a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach.<br>• Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích i gcomparáid le riachtanais bhliantúla EPA RMCEI.<br>• Dul i mbun plé le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Teagasc, LAWPro, Iascaigh Intíre Éireann (IFI), Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA), Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann (ICMSA) agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Dualgais a chomhlíonadh mar Údarás Seirbhísí Uisce do Scéimeanna Uisce Grúpa agus do Sholáthairtí Beaga Príobháideacha agus riarachán. | • Líon agus méid na ndeontas a íocadh faoin gclár uisce tuaithe. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Cuspóirí agus gníomhartha Phlean Údarás Áitiúil Cheatharlach um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 a chur i bhfeidhm. | • Cuspóirí cur chun feidhme agus gníomhartha an phlean. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Coiste Stiúrtha Cheatharlach do Chrios Dícharbónaithe a bhunú. | • Grúpa Stiúrtha Creasa Dícharbónaithe a chur ar bun agus clár oibre a leagan amach. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Feabhsú córasach a chur ar fheidhmíocht fuinnimh Chomhairle Contae Cheatharlach chun éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe a bhaint amach, tomhaltas agus costais fuinnimh a laghdú agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa a ísliú. | • Creidiúnú de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta ISO 50001 do Chórais Bainistíochta Fuinnimh a bhaint amach. |

| Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | An Clár SEAI maidir le Fionnachtaí Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i gcrích. | • Tairiscint a lorg le haghaidh foireann dearaidh agus í a cheapadh do na hoibreacha beartaithe ar fhoirgneamh VISUAL.<br>• Tairiscint a lorg le haghaidh foireann dearaidh agus í a cheapadh do na hoibreacha beartaithe ar Áras an Chontae, Ceatharlach. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Cheatharlach 2023-2025 agus aon leagan ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm. | • An Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm agus an chéad leagan eile a ghlacadh. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Feasacht phoiblí ar 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear san áireamh iad i bpleananna agus i straitéisí ábhartha na n-údarás áitiúil. | • Tacú le gníomhartha atá leagtha amach i bplean feidhmithe Rialtas na hÉireann maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Feasacht ar fhuinneamh a chur chun cinn, spriocanna laghdaithe fuinnimh 2030 a bhaint amach, agus tacú le scéimeanna agus cláir éifeachtúlachta fuinnimh.<br><br>An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 – Laghdú 50% ar Ídiú Fuinnimh faoi 2030.<br><br>Creidiúnú Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a bhaint amach.<br><br>Spriocanna na hearnála poiblí atá leagtha amach do Chrios Dícharbónaithe Bhaile Cheatharlach a bhaint amach. | • Meastóireacht bhliantúil monatóireachta agus tuairiscithe ar ídiú fuinnimh laistigh d'oibríochtaí Chomhairle Contae Cheatharlach.<br>• Measúnú fuinnimh bliantúil ar fhoirgnimh phoiblí an Údaráis Áitiúil a chríochnú.<br>• Anailís bhliantúil a dhéanamh ar ídiú fuinnimh Cheatharlach.<br>• Foirgnimh phoiblí a iarfheistiú chun tacú le córais saor ó bhreosla iontaise.<br>• Gáis cheaptha teasa a laghdú agus úsáid fuinnimh a laghdú i gcomhar leis an bpobal atá i gCrios Dícharbónaithe Bhaile Cheatharlach. |

| Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Córas monatóireachta a chur i bhfeidhm maidir le sábháilteacht bia i gcomhréir leis na ceanglais faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. | • Comhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta bia mar atá leagtha amach sa reachtaíocht. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Plean a fhorbairt chun reiligí i gCeatharlach, i Muine Bheag, i dTulach agus dTigh na hInse a leathnú. | • Ullmhú clár forbartha do gach suíomh.<br>• Tús a chur le gníomhartha a sheachadadh ar gach suíomh. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Reiligí agus taifid a choinneáil ar bun i gcomhréir leis na Rialacháin. | • Taifead a choinneáil ar bun i gcomhréir leis na Rialacháin. |
| **Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | Rialú Madraí | • Rinneadh gearáin i ndáil le leas ainmhithe agus rialuithe a imscrúdú agus a dhúnadh.<br>• Conradh seirbhíse i bhfeidhm agus nuashonraithe de réir mar is gá. |
| **Seirbhísí Uisce** | Oibriú le hUisce Éireann chun aistriú na seirbhísí uisce a thabhairt chun críche. | • Plé a dhéanamh le hUisce Éireann agus cruinnithe a reáchtáil leo chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun aistriú gach feidhme de chuid seirbhísí uisce a chur i gcrích.<br>• Dul i mbun plé le baill foirne seirbhísí uisce maidir le hathshannadh, ar baill iad ar mian leo fanacht leis an údarás áitiúil tar éis chríochnú an aistrithe. |
| **Oibríochtaí Seirbhísí Dóiteáin** | Pobail a chosaint ar thine agus éigeandálaí eile trí oibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta i gcomhréir le beartais náisiúnta agus freagairt phras agus iomchuí a chinntiú ar thine agus ar theagmhais eile. | • Príomhtháscairí feidhmíochta chun freagairt na Seirbhísí ar theagmhais éigeandála a thomhas.<br>• Plean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála nua Chontae Cheatharlach 2026-2030 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br>• Scéimeanna Sláinte agus Sábháilteachta, Cáilíochta agus Comhshaoil, Bainistíochta Dramhaíola ISO 45001, ISO 9001 agus ISO 14001, mar aon le hiniúchadh seachtrach ar fheidhmeanna áirithe den tseirbhís amhail Oiliúint, Sláinte agus Sábháilteacht, Cáilíocht agus Comhshaoil.<br>• Cumas na Comhairle a feidhmeanna a chomhlíonadh in aon mhóréigeandáil a choinneáil ar bun i gcomhréir leis an gCreat Móréigeandála.<br>• Cur le Spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach.<br>• Uasghráduithe éagsúla tionscadal caipitil a sheachadadh ar fud Sheirbhísí Dóiteáin Cheatharlach.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas maidir le Plean Réamh-Theagmhais agus é a fhorbairt.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas maidir le Plean Oiliúna agus é a fhorbairt. |

| Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| | Seirbhís Sábháilteachta Dóiteáin Theicniúil agus Phobail Éifeachtach a sholáthar agus a chothabháil atá freagrúil do riachtanais an phobail agus atá ailínithe le beartas agus caighdeáin náisiúnta.<br><br>Oibriú leis an bpobal chun saoránaigh a chur ar an eolas agus a oiliúint maidir leis an gcaoi chun riosca dóiteáin agus éigeandálaí eile a laghdú. | • Clár beart rannpháirtíochta pobail a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Clár do Bhunscoileanna, Clár Sábháilteachta ar Bhóithre, cuairteanna Sábháilteachta Dóiteáin sa Bhaile agus cuairteanna/laethanta oscailte Stáisiúin Dóiteáin, i gcomhréir leis an bPlean Sábháilteachta Dóiteáin Pobail a comhaontaíodh.<br>• Iarratais Cheadúnaithe a mheas faoi reachtaíocht maidir le Deochanna Meisciúla agus Substaintí Contúirteacha.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar fhoirgnimh faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin de réir an chláir laistigh den Phlean Straitéiseach um Shábháilteacht Dóiteáin a comhaontaíodh. |
| **Rialú Foirgníochta** | An timpeallacht thógtha a mhúnlú agus a rialáil chun daoine, réadmhaoin agus an comhshaol a chosaint ar dhochar, ag obair i gcomhar le chéile chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar. | • Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin, ar Dheimhnithe Athbhreithnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus ar Dheimhnithe Rialtachta a mheas.<br>• Iarratais ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ar Theastas Rochtana Athbhreithnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas a mheas.<br>• Fógraí Tosaigh atá faighte a mheas.<br>• Deimhnithe um Chomhlíonadh nuair a bheidh siad críochnaithe a mheas.<br>• Cigireachtaí ar an Láthair faoin dara sceideal de na Rialacháin um Rialú Foirgníochta. |
| **Cosaint Shibhialta** | Tacaíocht a chur ar fáil do phobail agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha le linn éigeandálaí. | • Líon na nglaonna seirbhíse.<br>• Líon na n-iontrálacha uathúla ar an gCóras VEMS nua.<br>• Líon na n-uaireanta a bhí an tseirbhís ag imeachtaí a raibh tacaíocht an phobail acu.<br>• Líon na n-oibrithe deonacha atá rannpháirteach sna seirbhísí.<br>• Plean Oibriúcháin 2 Bhliain na Cosanta Sibhialta 2026-2027 a chur i bhfeidhm.<br>• Aistriú ó Oifigeach Cosanta Sibhialta páirtaimseartha go lánaimseartha in 2026. |
| **Tionscadail Chaipitil Speisialta** | Leanúint den dul chun cinn agus maoiniú a lorg le haghaidh na nOibreacha Caipitil atá beartaithe don fhorbairt i gContae Cheatharlach. | • Tograí agus iarratais ar mhaoiniú a chur isteach.<br>• Tionscadail a sheachadadh trí dhul i mbun plé le páirtithe leasmhara na dtionscadal chun dul trí na céimeanna uile is gá le haghaidh chríochnú na dtionscadal. |

| Iompar, Comhshaol agus Gníomhú ar son hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (URDF)** | Leanúint den obair leis na Foirne Dearaidh, inmheánacha agus seachtracha araon, chun tionscadail URDF Bhaile Cheatharlach a sheachadadh. | • Na próisis tairisceana agus na conarthaí tógála a bhainistiú le haghaidh sheachadadh Scéim URDF Cheatharlach.<br>• Buiséid an tionscadail don scéim a bhainistiú.<br>• Dul i mbun plé leis na húinéirí gnólachtaí agus réadmhaoine i limistéar na scéime chun an cur isteach ar ghnó a íoslaghdú le linn thógáil na scéime. |

| Airgeadas agus TFC | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2025 | • Le bheith críochnaithe faoin 31 Márta 2026. |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Glacadh Buiséad Bliantúil 2027 | • An próiseas comhairliúcháin reachtúil a éascú.<br>• Glacadh laistigh den tréimhse ama forordaithe. |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Leanúint de leibhéil bailithe ioncaim a choinneáil ar bun agus méaduithe a lorg. | • % bailiúchán le haghaidh rátaí tráchtála, cíosa agus iasachtaí tithíochta. |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Clár Caipitil 3 Bliana 2027-2029 | • Oibriú le Stiúrthóirí Seirbhísí agus le Bainisteoirí Tionscadail chun riachtanais mhaoinithe a shainaithint agus a aimsiú.<br>• Clár Caipitil 3 Bliana a chur i láthair na gComhaltaí Tofa. |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Barrachas Ioncaim a chinntiú ag deireadh bliana. | • Bainistíocht airgeadais dhéabhlóidithe feabhsaithe a éascú agus tacú léi.<br>• Tuairiscíodh méadú ar an gcúlchiste ginearálta i Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2026. |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Maoirseacht ar Bhuiséad Caipitil | • Bainistíocht airgeadais dhéabhlóidithe feabhsaithe a éascú agus tacú léi. |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Tuairisceáin reachtúla agus faoi stiúir na Roinne a chur isteach. | • Tuairisceáin curtha isteach laistigh den tréimhse ama fhorordaithe. |

| Airgeadas agus TFC | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Feabhsuithe ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais (FMS) | • Rannpháirtíocht le GBRÁ don tionscadal nuachóirithe FMS. |
| **Cúrsaí Airgeadais** | Córas feabhsaithe rialaithe agus rialachais airgeadais inmheánaigh. | • Moltaí ó Iniúchadh Rialtais Áitiúil.<br>• Tacaíocht a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus don fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí.<br>• Rannpháirtíocht an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC). |
| **Soláthar** | Comhlíonadh méadaithe | • Tuairisciú agus maoirseacht tríd an gcoiste stiúrtha soláthair.<br>• Anailís a dhéanamh ar chaiteachas agus clár lárnach conarthaí a fhorbairt.<br>• Tionscnaimh oiliúna. |
| **TFC** | Bonneagar TF den scoth a sholáthar.<br><br>Tacaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna Chomhairle Contae Cheatharlach trí réitigh nuálacha TFC. | • Cur i bhfeidhm Straitéise TF agus Digití.<br>• A chinntiú go gcuirtear na bearta atá leagtha amach sna straitéisí tacaíochta i bhfeidhm ar bhealach nuálach. |

**Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem**

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Modheolaíocht Tomhais |
|---|---|---|
| **Pobal** | Tacú leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus cúnamh a thabhairt dó, i gcomhpháirtíocht le Gníomhaireachtaí Reachtúla agus Neamhreachtúla, chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm tríd an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP).<br><br>An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER). | • Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhartha an Phlean Chur Chun Feidhme 2026-2028 i leith an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2029.<br>• Maoirseacht SICAP 2023-2028 a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh éifeachtach chlár SICAP agus é a chinntiú, mar aon le PTFanna a bhaint amach i gcomhpháirtíocht le CFPÁ Cheatharlach agus Cuideachta Forbartha Áitiúil Cheatharlach.<br>• Maoirseacht chlár LEADER 2023-2027 a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air.<br>• Mar chomhpháirtí airgeadais do Chlár LEADER 2023-2027, na seiceálacha airgeadais uile a dhéanamh ar thionscadail LEADER, éilimh agus éilimh riaracháin, lena n-áirítear seiceálacha Airteagal 48 a cheanglaítear le rialacháin AE. |
| **Pobal** | Timpeallacht a chruthú ina mbíonn ról ag gach duine aonair agus earnáil den tsochaí i gCeatharlach sláintiúil a bhaint amach. | • Straitéis Cheatharlach Shláintiúil a chur i bhfeidhm don tréimhse 2023-2026. |
| **Pobal** | Ceatharlach a chur chun cinn mar Chontae Aoisbháúil i gcomhpháirtíocht le Gníomhaireachtaí Reachtúla agus Neamhreachtúla agus Grúpaí Pobail trí Straitéisí Aoisbháúla a chur i bhfeidhm. | • Gníomhartha na Straitéise Aoisbháúla a chur i bhfeidhm don tréimhse 2025-2029. |

| Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Pobal** | Guth agus gníomh an phobail a chumasú agus cumhacht a thabhairt dóibh. | • Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'obair struchtúr agus ardán pobail a chuireann ar chumas pobail páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht maidir le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu orthu.<br>• Leanúint de thacaíocht a thabhairt don phróiseas Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN).<br>• Leanúint de thacaíocht, spreagadh agus rannpháirtíocht a thabhairt do phobail chun maoiniú a rochtain agus páirt a ghlacadh i ndeiseanna chun gníomhartha a dhéanamh dá bpobal i.e. Bailte Slachtmhara, Mórtas Ceantair Cheatharlach. Mórtas Ceantair le Comhoibriú Thuaidh/Theas. |
| **Pobal** | Babhtaí ceannais Chomórtas Entente Florale 2026 a óstáil. | • Comórtas Entente Florale rathúil a bhainistiú, a sheachadadh agus tacú leis i mBaile Cheatharlach i mí Mheán Fómhair. |
| **Pobal** | Tacú leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil. | • Obair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúil a bhainistiú agus tacú léi.<br>• Dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus a choinneáil ar bun laistigh agus lasmuigh den chomhpháirtíocht, príomhghníomhaithe i réimse feidhme an údaráis áitiúil san áireamh.<br>• An Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a ullmhú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. |
| **Comhpháirtíocht Spóirt Active Carlow (Ceatharlach Gníomhach)** | Rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú ar fud an chontae trí Phlean Áitiúil Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp 2025-2029 a chur i bhfeidhm. | • Glacadh leis an bPlean Áitiúil Spóirt 2025-2029 i gcomhar le Coiste Cheatharlach Gníomhach agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha.<br>• Tionscnaimh spóirt agus gníomhaíochta coirp spriocdhírithe a sheachadadh a chuireann le rannpháirtíocht, a bhaineann bacainní ar ionchuimsiú agus a chuireann rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil chun cinn i ngach pobal.<br>• An úsáid is mó a bhaint as áiseanna agus spásanna atá nua agus atá ann cheana féin trí chomhpháirtíocht, trí chur chuige atá bunaithe ar an áit agus trí chomhoibriú trasearnála. |

| Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Áineas agus Taitneamhacht** | Úsáid áiseanna áitiúla agus acmhainní nádúrtha a mhéadú. | • Forbairt oibreacha bonneagair áineasa a chur chun cinn in 2026, lena n-áirítear tionscadail faoi stiúir na Comhairle agus tionscadail chomhoibríocha amhail CLÁR, ORIS, mar aon le hiarratais a chur isteach faoi gach scéim, más cuí in 2026, agus tionscadail cheadaithe a sheachadadh.<br>• Tacú le seachadadh Mhol Pobail Ilfheidhmeach Bhóthar na Tulaí.<br>• Tacú le seachadadh Mhol Gníomhaíochta Uisce Cheatharlach.<br>• Gardaí Tarrthála a chur ar fáil ag limistéir snámha ainmnithe i rith an tsamhraidh. Leanúint de bheith ag obair le Sábháilteacht Uisce Cheatharlach agus Sábháilteacht Uisce na hÉireann maidir leis na rioscaí feadh aibhneacha na Bearú, na Boirne agus na Sláine. Monatóireacht a dhéanamh ar na baoithe tarrthála agus cinn nua a chur ina n-áit de réir mar is gá.<br>• An Plean Áineasa Allamuigh 2025-2029 a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha agus tionscadail a chur i gcrích.<br>• Fodhlíthe Páirce a fhorbairt agus a ullmhú lena nglacadh ag an gComhairle.<br>• Tacú le struchtúr nua imeachtaí/áineasa lasmuigh a sheachadadh ag Garrán Duckett agus gairdín bithéagsúlachta.<br>• Oibriú i gcomhpháirtíocht le Irish Heritage Trust (Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann) chun Áis Gharrán Duckett a fhorbairt mar shócmhainn turasóireachta suntasach do Chontae Cheatharlach.<br>• Spásanna oscailte atá oiriúnach do ghairdíní pobail, do pháirceanna súgartha agus do pháirceanna a scrúdú. |

| Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Seirbhís na nEalaíon** | Tacú go straitéiseach le fás, le hinrochtaineacht agus le hinbhuanaitheacht na n-ealaíon ar fud Chontae Cheatharlach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br><br>Cothú tallainne agus cleachtais ealaíne.<br><br>Rannpháirtíocht pobail agus saothrú lucht féachana.<br><br>Ceannaireacht agus inbhuanaitheacht a neartú.<br><br>Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon a sheachadadh, lena n-áirítear bainistíocht an Ghrúpa Oibre Ealaíne Poiblí inmheánach.<br><br>Seachadadh chlár Éire Ildánach, bainistíocht na Foirne Cultúir inmheánaí san áireamh. | • Plean Straitéiseach Ealaíon Cheatharlach 2025-2035 a chur i bhfeidhm.<br>• Tá 8 bpríomhthiománaí riachtanach chun an Plean Ealaíon a chur i bhfeidhm go rathúil thar na chéad deich mbliana eile. Oibreoidh an Oifig Ealaíon i gcomhar le comhghleacaithe sa Chomhairle chun acmhainní a chur ar fáil do phleananna bliantúla gnó a bhfuil méadracht mheasúnaithe leo agus iad a sheachadadh.<br>• Acmhainní airgeadais.<br>• Comhpháirtíochtaí straitéiseacha.<br>• Comhoibrithe leis an dearcadh céanna.<br>• Líonra de lucht ealaíon gníomhachtaithe.<br>• Abhcóidí tacúla ar an gComhairle.<br>• Líonraí pobail a bhfuil acmhainn agus eolas acu ar abhcóideacht agus ar ghnóthaí poiblí.<br>• Tacaíocht phoiblí.<br>• Monatóireacht, measúnú agus athchóiriú leanúnach.<br>• Beartas Ealaíne Poiblí nua 2026-2030 a ullmhú agus a fhorbairt i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha agus an beartas sin a chur i bhfeidhm.<br>• Plean Straitéiseach Éire Ildánach do Cheatharlach 2023-2027 a chur i bhfeidhm.<br>• Deiseanna méadaithe do na hEalaíona agus Cultúr i réimsí an bhonneagair, an phobail, seirbhísí leabharlainne/músaeim, pleanála, fiontar áitiúil, an chomhshaoil agus seirbhísí corparáideacha.<br>• Líon méadaithe deiseanna coimisiúnaithe agus tacaíochta d'ealaíontóirí agus do phobail chruthaitheacha.<br>• Beartas Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon a ullmhú agus a fhorbairt.<br>• Tograí maoinithe a ullmhú agus a fhorbairt agus Spásanna Oibre Ealaíonta a sheachadadh agus tacú leo i ngach Ceantar Bardasach. |
| **Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne an Chontae** | Seirbhís leabharlainne poiblí dea-acmhainnithe a sholáthar agus a fhorbairt a chuireann le folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na bpobal. | • Plean margaíochta agus cumarsáide a fhorbairt don tseirbhís leabharlainne.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar uaireanta oscailte gach brainse leabharlainne chun freastal níos fearr ar riachtanais ár bpobal.<br>• Leanúint de riaradh Sparánacht bhliantúil an Chathaoirligh do mhic léinn iarchéime.<br>• Leanúint de shraith bhliantúil "Am Lóin sa Leabharlann" le húdair náisiúnta. |

| Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne an Chontae** | Foirgnimh agus bailiúcháin leabharlainne a fhorbairt agus a fheabhsú trí fhoinsí maoinithe seachtracha a shaothrú, clár cothabhála réamhghníomhaí agus cur i bhfeidhm an Bheartais Forbartha Bailiúchán. | • Caomhnú agus athchóiriú doras tosaigh agus chomharsanacht Fhoirgneamh na Toirbhearta trí úsáid a bhaint as maoiniú ón Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (SIOT).<br>• Oibreacha caomhnaithe agus feabhsúcháin ar bhalla atá ag bolg amach ag Leabharlann na Buiríse.<br>• Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar an ngá atá le seirbhís leabharlainne soghluaiste chun teacht ar chodanna den Chontae nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu.<br>• Bailiúchán aeráide a fhorbairt i gcomhréir le SFI 13.3 sa Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Phoiblí.<br>• Caiteachas ar bhailiúcháin leabhar as Gaeilge a mhéadú ó 2% go 3% de bhuiséad foriomlán na leabhar.<br>• Scéim léitheoireachta ranga a sheoladh chun tacú le litearthacht i mbunscoileanna. |
| **Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne an Chontae** | Prionsabal na leabharlainne mar ionad léitheoireachta, forbartha agus litearthachta sa phobal a neartú trí fhaisnéis, tacaíochtaí agus cláir a chur ar fáil chun forbairt litearthachta a chothú agus léitheoireacht agus litearthacht a chur chun cinn. | • Leanúint de chur i bhfeidhm chlár litearthachta teaghlaigh Story Streets ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta.<br>• Clár Chomhairle Contae Cheatharlach atá Oiriúnach don Litearthacht a thriail le rannóga eile den Chomhairle agus béim á leagan ar theanga shimplí a úsáid agus ar fheasacht litearthachta. |
| **Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne an Chontae** | Feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí agus bailiúcháin leabharlainne agus béim á leagan ar néara-éagsúlacht, pobail nua agus an Gaeilge. | • Seirbhísí agus áiseanna atá oiriúnach do na céadfaí agus don néara-éagsúlacht a leathnú agus a chur chun cinn i ngach brainse den leabharlann.<br>• Pobail a aimsiú a thuilleadh tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, CFPÁ agus trí chuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur chun cinn.<br>• Freagairt do riachtanais úsáideoirí trí theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a thabhairt isteach chun ionchuimsiú digiteach a spreagadh do gach aois agus cumas. |

| Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne an Chontae** | Seirbhísí Staidéir Áitiúla, Ginealaigh agus Cartlainne a fhorbairt trí fhorbairt bhailiúcháin, trí chur chun cinn na seirbhísí a thairgtear, trí chlár caomhnaithe agus digitithe a chur fáil agus trí fheabhsú na Seirbhíse Ginealaigh. | • Podchraoladh ar stair agus ar chuimhne Mhonarcha Siúcra Cheatharlach a fhoilsiú agus a sheoladh.<br>• Taispeántas taistil de ghrianghraif stairiúla de Mhonarcha Siúcra Cheatharlach a digitíodh in 2025 mar chuid den Chlár Comórtha Céad Bliain a sheoladh agus a sceidealú.<br>• Maoiniú Maoirseachta Oidhreachta a shainaithint agus iarratas a dhéanamh air le haghaidh digitiú ábhar Cartlainne i gcomhairle le Cartlannaí an Chontae.<br>• Dráma atá á scríobh faoi láthair ag Grúpa Scríbhneoirí Cheatharlach bunaithe ar an Monarcha Siúcra i gCeatharlach a fhoilsiú agus a óstáil.<br>• Leanúint den sparánacht bhliantúil Staire Áitiúla chun tacú le taighde agus foilsiú ábhar staidéir áitiúla. |
| **Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne an Chontae** | Comhoibriú le Rannóga na Comhairle Contae agus le heagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta eile chun tacú lena gcláir bheartais. | • Leanúint de thacú le féilte agus le tionscnaimh áitiúla agus náisiúnta – Samhain, Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, Pan-Cheilteach, etc.<br>• Leanúint den chomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach maidir le Clár Scríbhneora Chónaithe a chur ar fáil.<br>• Freagairt a thabhairt ar bheartais agus ar chláir nua trí nascadh le daoine eile a bhfuil eolas agus saineolas acu ar shaincheisteanna nó ar lucht féachana ar leith. |
| **Oifig Oidhreachta** | Plean Oidhreachta Chontae Cheatharlach (2024-2029) a chur i bhfeidhm. | • Ceithre chruinniú ráithiúla de chuid Fhóram Oidhreachta Chontae Cheatharlach a chomhordú.<br>• Seimineár Oidhreachta bliantúil Chontae Cheatharlach a thabhairt.<br>• An t-iniúchadh ar Eaglaisí agus Reiligí Stairiúla sa Chontae a chríochnú.<br>• Tacú leis na tochailtí taighde seandálaíochta ag Caisleán Bhaile Muáin.<br>• Tacú le tionscadal leanúnach na mBailte Múrtha i gCeatharlach atá ar bun ag an gComhairle Contae. |

| Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Oifig Oidhreachta** | Pobail/grúpaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh san oidhreacht. | • Tacú le grúpaí pobail atá ina mbaill ghníomhacha de Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann sa Chontae.<br>• Oibriú le grúpaí pobail chun maoiniú a fháil do thionscadail Oidhreachta i.e. Deontais Oidhreachta Pobail.<br>• Seachadadh imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta a chomhordú.<br>• An tionscadal Oidhreachta agus Folláine a leathnú, ag cur leis an tionscnamh Tobar Naofa de chuid Creative Carlow i gcomhpháirtíocht le hÉire Ildánach agus an Oifig Ealaíon.<br>• Plean Tionscnaimh Bhaile Oidhreachta a chur i bhfeidhm le haghaidh athghiniúint faoi stiúir oidhreachta i mBaile Cheatharlach agus stair bhéil úinéirí gnó áitiúla á ionchorprú.<br>• Campa Oidhreachta Cheatharlach (tionscadal píolótach) a sheachadadh do pháistí scoile i gcomhpháirtíocht le Leabharlanna Cheatharlach agus Active Carlow.<br>• Iarratas a ullmhú agus a chur isteach ar mhaoiniú ón gComhairle Oidhreachta do Phlean Athghiniúna faoi stiúir Oidhreachta don Bhuiríos, Contae Cheatharlach. |
| **Oifig Oidhreachta** | Gníomhartha maidir le hOidhreacht agus Athrú Aeráide a shainaithint agus a chur i bhfeidhm. | • Oibriú le Comhairle Contae Cheatharlach agus le grúpaí pobail chun maoiniú a shainaithint agus a fháil chun oidhreacht thógtha sa Chontae a chosaint trí Chiste na Séadchomharthaí Pobail.<br>• Spreagadh agus comhairle a thabhairt d'úinéirí struchtúr faoi chosaint faoin maoiniú atá ar fáil.<br>• Oibriú le Cartlann an Chontae ar ábhair laistigh den bhailiúchán a bhaineann le bithéagsúlacht agus le hathrú aeráide. |
| **Músaem an Chontae** | Leanúint de nuashonrú na dtaispeántas i Músaem Chontae Cheatharlach.<br><br>Leanúint de dhoiciméadú agus caomhnú bhailiúchán an Mhúsaeim. | • Réada nua a áireamh faoi threoir fála cuí a chuireann béim ar stair Chontae Cheatharlach.<br>• Bogearraí catalóige atá sainiúil don mhúsaem, Córas Bainistíochta Ábhair, a fháil agus a shuiteáil. |
| **Músaem an Chontae** | Comhordú Naomh Willibrord, Naomhphátrún Lucsamburg, Céad Aspal na hÍsiltíre, agus a thionscadal a bhaineann le Contae Cheatharlach. | • Teagmháil a choinneáil ar bun le Echternach, Lucsamburg.<br>• Cuairteanna ábhartha ar Echternach agus ar Chontae Cheatharlach a chomhordú. |

| Forbairt Pobail, Áineas, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht agus Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Modheolaíocht Tomhais** |
| **Músaem an Chontae** | Ainmniú ag Ard-Mhúsaem na hÉireann chun fionnachtana seandálaíochta ón gcontae a bhailiú agus a thaispeáint. | • A bheith ainmnithe faoin 'Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023' a achtaíodh le déanaí (a chuirtear in ionad Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 agus na Leasuithe faoina bhfuil an Músaem ainmnithe faoi láthair). |
| **Músaem an Chontae** | An Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn arna chomhordú ag an gComhairle Oidhreachta. | • Na caighdeáin a baineadh amach faoin gClár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, lena n-áirítear aon bheartas músaeim atá le dul in éag i mbliana a nuashonrú. |
| **Músaem an Chontae** | Feabhsú a dhéanamh ar acmhainn stórais an Mhúsaeim agus ar mhonatóireacht agus rialuithe comhshaoil. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar stóras an Mhúsaeim.<br>• Trealamh monatóireachta comhshaoil nuashonraithe a shuiteáil sa Mhúsaem agus sna foirgnimh stórála.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe comhshaoil sa Mhúsaem agus sna foirgnimh stórála. |

COMHAIRLE CONTAE
CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

**Áras an Chontae**
**Bóthar Bhaile Átha Í**
**Ceatharlach R93 E7R7**

**059 9170300 | www.carlow.ie**